C/2025/3701

8.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11894 — ACHMEA / ELG HOLDING / AP&L / LIFETRI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3701)

1. An 26 Meitheamh 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Achmea B.V. ('Achmea') (an Ísiltír), faoi rialú deiridh Vereniging Achmea,

— ELG Holding Limited ('ELG Holding') (Oileáin Cayman), fochuideachta de chistí infheistíochta atá á mbainistiú ag cleamhnaithe Sixth Street Partners, LLC (SAM) (le chéile, 'Sixth Street').

Gheobhaidh Achmea agus ELG Holding rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Achmea Pensioen- en Levensverzekeringen N.V ('AP&L'), fochuideachta ar lánúinéireacht Achmea, agus ar Lifetri Groep B.V. ('Lifetri'), fochuideachta ar lánúinéireacht ELG Holding, agus tá an dá fhochuideachta bunaithe san Ísiltír.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Ísiltíreach é Achmea atá ag feidhmiú i réimse na seirbhísí airgeadais. Cuireann sé réimse leathan táirgí árachais, baincéireachta agus morgáiste ar fáil, mar aon le seirbhísí gaolmhara. Cuimsíonn AP&L gnó pinsin agus árachais saoil Achmea san Ísiltír. Cuireann AP&L táirgí árachais téarma saoil agus blianachtaí athraitheacha ar fáil go gníomhach, chomh maith le punann iata de tháirgí pinsin chomhchoitinn agus de tháirgí árachais saoil aonair,

— Is fochuideachta de chistí infheistíochta atá á mbainistiú ag cleamhnaithe Sixth Street é ELG Holding. Is gnólacht infheistíochta domhanda é Sixth Street. Is cuideachta árachais Ísiltíreach é Lifetri a dhíríonn ar phunanna iata de tháirgí pinsin chomhchoitinn le sochar sainithe agus táirgí árachais saoil aonair a bhainistiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11894 — ACHMEA / ELG HOLDING / AP&L / LIFETRI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË